

TOMÁS BAIRÉAD

Rogha Scéalta

Aingeal Ní Chualáin
a chuir in eagar



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An chéad chló 2010
© Cló Iar-Chonnacht 2010

ISBN 978-1-905560-59-2

Dearadh clúdaigh: Creative Laundry
Dearadh: Deirdre Ní Thuathail



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Clár

Tomás Bairéad 1893–1973, le hAingéal Ní Chualáin	7
Sú an tSeagail	27
An Ministéir Óg	36
An Brathadóir	44
Péacóg Chill Bhríde	59
Roghain an Dá Fhuascailt	67
Cáit an Mheán Oíche	81
An Stiléara	87
An Reilig	102
Sionnach an Bhrollaigh Bháin	109
An Balbhán Bocht	121
Clann na Lachan Fiáine	130
Costas an Ghiorria	138
Teach Ósta na dTans	154
Sé Dia a Rathaíonns	166
Gach Uige Mar a hÁbhar	173
An Crochadóir nár Íocadh	185
Sionnach Ghleann na Sí	197
Boladh an Anraith	205
An Captaen	221
An Cliamhain	227

Foinsí

As na leabhair seo a leanas a tógadh na scéalta sa chnuasach seo:

Cumhacht na Cinniúna (Baile Átha Cliath, An Gúm, 1936): “Cáit an Mheán Oíche”; “An Stiléara”; “An Reilig”; “Sionnach an Bhrollaigh Bháin”; “An Balbhán Bocht”; “Clann na Lachan Fiáine”; “Costas an Ghiorria”.

An Geall a Briseadh (Baile Átha Cliath, An Gúm, 1938): “Teach Ósta na dTans”; “Sé Dia a Rathaíonns”; “Gach Uige Mar a hÁbhar”; “An Crochadóir Nár Íocadh”; “Sionnach Ghleann na Sí”.

Cruithneacht agus Ceannabhán (Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann, 1940: “Boladh an Anraith”.

Ór na h-Aitinne (Baile Átha Cliath, Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal, 1949): “Sú an tSeagail”; “An Ministéir Óg”; “An Brathadóir”; “Péacóg Chill Bhríde”; “Roghain an Dá Fhuascailt”.

Dán (Baile Átha Cliath: Clódhanna Tta, 1973: “An Captaen”; “An Cliamhain”.

Nóta Eagarthóireachta

San eagrán seo cuireadh litriú scaoilte caighdeánach an lae inniu i bhfeidhm, agus tugadh roinnt mírialtachtaí chun rialtachta. Theastaigh uaim go mbeadh an leabhar soléite ag léitheoirí an lae inniu ach go mbeadh Gaeilge na mbunleaganacha le sonrú go láidir tríd síos; mar sin fágadh an litriú neamhchaighdeánach in áiteanna mar aon le méid áirithe seanfhoirmeacha atá imithe i léig.

Tomás Bairéad, 1893–1973

Is díol spéise é saol agus saothar Thomáis Bairéad ar mhórán bealaí. Ba dhuine é a mhair le linn na géarleanúna a d’imir lucht tiarna talún ar an bpobal ag deireadh an naoú haois déag ina áit dúchais, Maigh Cuilinn i gContae na Gaillimhe. Ag tús an fichiú haois agus é mar bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, de Shinn Féin agus d’Óglaigh na hÉireann, ghlac sé páirt ghníomhach sna himeacháí áitiúla a bhain le hÉirí Amach 1916 agus le Cogadh na Saoirse (Breathnach 1993: 102). Le linn na tréimhse céanna bhí sé ag obair leis an *Galway Express*, páipéar a cheannaigh Sinn Féin go saor sa bhliain 1917 ach a scrios na píláraí i 1920 (Bairéad 1972: 149). D’oibrigh sé seal leis an *Curadh Connachtach* ansin, agus sa bhliain 1922 thosaigh sé ag obair leis an *Irish Independent*, go dtí gur fhág sé é sa bhliain 1948 agus post mar eagarthóir an leathanaigh Ghaeilge bainte amach aige (Breathnach 1993: 102,103). Cé nach raibh baint aige le Cogadh na gCarad, b’fhinné géarchúiseach é ina ghairm mar iriseoir agus a chuid contúirtí féin ag baint leis an ngairm chéanna ag an am (Bairéad 1972: 152). Is é an Bairéadach a thug an chéad ráiteas ar an bpáirtí nua a bhí bunaithe ag Éamon De Valera i 1926, chlúdaigh sé an dá olltoghchán thábhachtacha i 1927 (Bairéad 1972: 165) agus is é a toghadh chun tuairisciú a dhéanamh ar thoghchán Fhianna Fáil na bliana 1943 (Bairéad 2005: 9). Chuir sé cor ina chinniúint féin

nuair a rinne sé cinneadh cathair Bhaile Átha Cliath a fhágáil agus filleadh ar Mhaigh Cuilinn sa bhliain 1948 (Bairéad 1972: 246). Níor fhág sé saol na nuachtán ina dhiaidh i bhfad, ámh, agus i Samhain na bliana 1953 thosaigh sé ag scríobh alt seachtainiúil i nGaeilge don *Clare Champion*, rud ar lean sé de suas go dtí Meán Fómhair na bliana 1959 (Ní Chualáin 2006, 47–73).

Is féidir a chéad iarrachtaí mar scríbhneoir cruthaitheach a rianú siar go dtí an bhliain 1928 nuair a foilsíodh dán fada leis, “Tuireadh Eachdhroma”, in *An Stoc*. Foilsíodh ábhar i nGaeilge leis san *Irish Independent* idir 1924 agus 1938 agus i gcuid de na hirísí Gaeilge ó 1944 go dtí 1955, dráma grinn aon ghnímh in *Ar Aghaidh* sa bhliain 1955, san áireamh. Ach is do na cúig chnuasach gearrscéalta leis a foilsíodh idir na blianta 1936 agus 1973 is mó a bhfuil cáil agus gradam bainte amach ag Tomás Bairéad. Is ón saol a bhí timpeall air, saol corrach in amanna, a fuair sé a chuid inspioráide dá shaothar cruthaitheach. Ba é an saol tuaithe a chaith sé i Maigh Cuilinn le linn a óige agus gach a bhfaca sé sa tréimhse a chaith sé mar shaighdiúir, agus níos deireanaí mar iriseoir gairmiúil san ardchathair, a mhúnlaigh sé ina chuid gearrscéalta. Is foinse shaibhir é a shaothar mar sin, idir shaothar cruthaitheach agus iriseoireachta, ar shaol sóisialta agus polaitiúil a linne. Ach ní hé sin amháin é ar ndóigh. Tá an chuid is fearr dá chuid gearrscéalta – agus ba mar ghearrscéaltaí go príomha a chonaic Tomás Bairéad é féin (Nic Mhathúna 2006) – ar chuid de na saothair Ghaeilge is cruthaithí agus is ealaíonta atá ar fáil sa seanra sa fichiú haois.

Is ar an 7 Iúil 1893 a rugadh Tomás Bairéad ar an mBaile Dóite, Maigh Cuilinn. B’as an áit sin a mháthair, Máire Nic Dhonncha, agus b’as na Cúlacha cúpla míle siar uaidh sin a athair, Mícheál Bairéad. Ba é Tomás an duine ba shine den chúigear

clainne a bhí orthu. Bhí beirt deirfiúracha aige, Mairéad agus Caitlín, agus beirt deartháireacha, Proinsias, agus Seán a fuair bás agus é ina naíonán (Breathnach 1993: 102). B’fheirmeoirí iad a mhuintir. Nuair a bhí an Bairéadach thart ar thrí bliana déag d’aois d’fhág sé an scoil, rud nach raibh aon aiféala air faoi is cosúil (Bairéad 1972: 12) agus chuaigh chun cónaithe lena Uncail Riocard, deartháir a athar, a raibh feirm aige ar na Cúlacha. Is léir go ndeachaigh an áit seo i bhfeidhm go mór air ón méid a insíonn sé dúinn faoi in *Gan Baisteadh* (Bairéad 1972: 12). Bhí a chion féin den obair feirme le déanamh aige ansin nach raibh cleachtadh aige air roimhe sin. Luann sé dul amach roimh bhreacadh an lae sa sioc agus leac oighir “ag súil le huain” (Bairéad 1972: 14). Bhí an dúlra inar chuir sé an oiread sin spéise mórthimpeall air agus bhí gach uile dheis aige aithne agus eolas a chur ar ainmhithe agus éanlaithe na coille: “Ba mhinic na sionnaigh ag sclamhairt agus ag freagairt a chéile sna coillte máguaird. Ba ghéar agus ba shearbh a nglór.” (Bairéad 1972: 14)

Is é an saol seo a spreag a chuid samhlaíochta chun cuid de na scéalta is fearr leis a scríobh níos deireanaí (Bairéad 1972: 19). Cé go mba leis an mBairéadach an fheirm sa bhaile mar an mac ba shine, níor fhan sé ann. D’fhág sé ina fhear óg chun a bhealach féin a dhéanamh sa saol (Nic Mhathúna 2006). Is léir go raibh tuairimí láidre aige fiú ag aois óg faoin gcineál saoil a theastaigh uaidh féin. Tá tréith an neamhspleáchais le sonrú go grinn i gcarachtar an Bhairéadaigh in eachtra a tharla sa bhliain 1910 agus gan é ach in aois a sheacht mbliana déag. Chuir sé an ruaiag ar bheithígh amach as talamh an tiarna talún áitiúil Seoirse Búrc, siar an bóthar óna theach féin i gCnoc an tSeanbhaile. Mar thoradh air sin cuireadh príosún air i nGaillimh ar feadh ráithe (Breathnach 1993: 102). D’fhan cuimhne an bhraighdeanais leis, agus déanann sé tagairt in

Gan Baisteadh don chroch agus do chillín an bháis “nach ndéanfadh aon phríosúnach dearmad orthu” (Bairéad 1972: 49).

Bánaíodh Cnoc an tSeanbhaile ag deireadh an naoú haois déag nuair a dhíbir Seoirse Búrc na daoine as a dtithe agus chuir a chuid beithíoch féin ar féarach ar a gcuid talún (Breathnach 1986: 36). Gan amhras chuaigh an eachtra seo agus scéalta a bhí i mbéal na ndaoine faoi dhuine “de na haintiarnaí ba mheasa san Iarthar” (Bairéad 1972: 234) i gcion go mór ar Thomás Bairéad agus é ina fhear óg agus gur gríosáíodh é chun seasamh ina aghaidh. Tá sé follasach óna dhírbheathaisnéis an drochmheasa a bhí ag an mBairéadach ar an mBúrcach agus an chaoi ar chaith sé le muintir na háite (Bairéad 1972: 235).

Chuir na díshealbhuithe agus bochtanas agus fulaingt na ngnáthdhaoine as go mór dó agus is rud é sin ar labhair sé air blianta ina dhiaidh (Nic Mhathúna 2006). Bhí cuimhne fós ag na daoine ar an nGorta Mór ach bhí tais an ocras fós ina ngaobhar. Cláraíodh trí cinn de mhionghortaí sna blianta 1890–91, 1894 agus 1898 in iarthar na tíre, go háirithe i Maigh Eo agus Gaillimh. Ní go dtí an bhliain 1925 a usáideadh an téarma “gorta” den uair dheireanach chun cur síos ar ghéarghátair i gContae na Gaillimhe (O’Neill 1996: 472,473). Is sa chomhthéacs seo a shantaigh an Bairéadach malairt saoil. Bhí malairt saoil ag teacht agus bhí sé féin le bheith lánpháirteach sa chlaochlú sin.

Bhí spiorad na hAthbheochana go láidir teann i gContae na Gaillimhe ag deireadh an naoú haois déag. Bunaíodh craobh de Chonradh na Gaeilge i Maigh Cuilinn ar an 5 Feabhra 1899 tar éis cuairt a thug Tomás Bán Ó Concheanainn, an chéad duine de thimírí an Chonartha, ar Uachtar Ard (Breathnach 1993: 3; Ó Torna 2005: 66). Tá sé le feiceáil ó na cuntais a coinníodh den chraobh don bhliain 1907 go raibh Tomás Bairéad ag aois a

cheithre bliana déag ar dhuine den seachtó sé duine a bhí ag freastal ar ranganna Gaeilge (Breathnach 1993: 8). Is cosúil gur ag na ranganna céanna a chuir sé barr feabhais ar a chuid Gaeilge scríofa (Nic Mhathúna 2006), rud a raibh sé in ann leas a bhaint as roinnt blianta ina dhiaidh sin agus é ag obair mar iriseoir don *Galway Express*. Bhí sé ag an gcruinniú bliantúil i mí Iúil na bliana 1913, agus i Meitheamh na bliana 1915, áit ar toghadh ar an gcoiste é. (Breathnach 1993: 32–49). D’fhreastail sé rialta go maith ar chruinnithe i rith na mblianta 1915 agus 1916 cé go bhfuil sé le sonrú nach raibh sé i láthair ar an 7 Aibreán 1916 ná ag na cruinnithe speisialta a reáchtáladh ar an 9 agus an 23 Iúil 1916. Tá a ainm i measc na mball a d’fhreastail ar chruinniú i mí Márta na bliana 1918 (Breathnach 1993: 48–62). Níl aon amhras ó na fírící seo go raibh tábhacht faoi leith ag an gConradh i saol an Bhairéadaigh i rith na tréimhse seo. Ba chraobh ghníomhach, fhuinniúil a bhí ann de réir dealraimh. Chomh maith le múineadh na Gaeilge, reáchtáil Craobh Mhaigh Cuilinn feiseanna, díospóireachtaí, taispeántais, céilithe agus drámaíocht, agus tugadh aoi-léachtóirí ón Spidéal agus as Gaillimh ann (Breathnach, 1993: 3). I Márta na bliana 1918 taispeánann miontuairiscí an chruinnithe gur léadh litir ó Cholm Ó Gaora faoi léacht a bhí le tabhairt i rith Sheachtain na Gaeilge (Breathnach 1993: 61). Mar is léir in *Mise* le Colm Ó Gaora, níor chuir sé féin agus Tomás Bairéad aithne ar a chéile go dtí 1920 (Ó Gaora 1943: 236) nuair a thug an Bairéadach cuairt air sa phríosún, agus an bheirt acu gníomhach i gCogadh na Saoirse. Ina dhiaidh sin ba chairde iad beirt mar is léir ó chomhfhreagras Uí Ghaora chuig an mBairéadach ó 1938 go dtí 1945 (P GP2/64–70).

In *Gan Baisteadh* déanann an Bairéadach cur síos ar Fheis Mhaigh Cuilinn áit a mbíodh Seán P. Mac Énrí ina mholtóir. Is

ann a chloiseadh sé na scéalta Fiannaíochta inar chuir sé an oiread sin suime (Bairéad 1972: 48) Is ann freisin a chonaic sé an Píarsach agus é ag bailiú amhrán ó sheanbhean as an bparóiste, Máire Uí Chéidigh (Bairéad 1972: 214).

Déanann sé cur síos freisin ar an gcaoi ar dhóigh píleirí na Gaillimhe an tseanscoil i Maigh Cuilinn sa bhliain 1921, áit a mbíodh cruinnithe an Chonartha ar siúl. Dódh leabharlann Chonradh na Gaeilge agus an t-ardán a úsáideadh le haghaidh drámaí a stáitsiú (Bairéad 1972: 313). Ar na leabhair a dódh bhí *In the Celtic Past* le Ethna Carbery, *Ireland's Ancient Schools and Scholars* le John Healy, *Ireland under Cromwell* le Moran, *Knocknagow* le Charles Kickham agus *Agriculture Note Book* le O'Connell (Breathnach 1993: 65,66). Is léir ó chlár imeachtaí na Craoibhe go raibh an náisiúnachas cultúrtha a bhí bunaithe ar an "gcultúr dúchasach, an teanga san áireamh" (Ó Torna 2005: 25) faoi lánseol i gceantar dúchais an Bhairéadaigh ag tús an fichiú haois agus gur tháinig sé go mór faoina anáil é féin. B'ógfhear aclaí a bhí ann i rith na mblianta seo chomh maith. Bhíodh sé ag rith leis na Harriers agus bhí sé ar dhuine den fhoireann peile a bhuaigh an Western Championship sa bhliain 1914. Ní dheachaigh a shuim sa Chumann Lúthchleas Gael i léig in imeacht na mblianta, agus thugadh sé síntiús maith gach uile bhliain don eagraíocht níos deireanaí ina shaol (Ní Mhathúna 2006).

Má bhí sé faoi anáil an Chonartha bhí sé faoi anáil Ghluaiseacht na Saoirse chomh maith, agus é ina bhall d'Óglaigh na hÉireann. Luann sé nach ndearna an scoilt a tharla sna hÓglaigh go náisiúnta aon dochar dóibh ach amháin nach raibh siad chomh gníomhach sin ó fhómhar na bliana 1915 agus go mba bhliain amú dóibh a bhí ansin (Bairéad 1972: 96). Léirítear tábhacht an Chonartha agus Chumann Lúthchleas Gael chun

spiorad agus meanma na nÓglach a spreagadh i rith na tréimhse sin (Bairéad 1972: 96). Níl aon amhras faoi ach go raibh tábhacht faoi leith freisin ag Liam Ó Maoilíosa i gcothú na físe a bhí ag an mBairéadach agus ag a chomrádaithe, in Éirinn a bheadh saor agus Gaelach. Déanann sé tagairt in *Gan Baisteadh* don “aoibhneas saolta” a bhí air lá na tionóla i mBaile Átha an Rí sa bhliain 1915 chun fáilte abhaile a chur roimh Ó Maoilíosa a bhí tagtha amach as an bpríosún: “Ach an lá úd chonaic muid malairt saoil . . . Bhí blas agus boladh na saoirse agus a mbaineann léi an lá úd, agus bhí dúshlán ann freisin.” (Bairéad 1972: 93,94)

Ag tráth an ama seo bhí an Bairéadach ar dhuine de na daoine a chuir fir óga i Maigh Cuilinn faoi mhóid “faoi dheifir” (Bairéad 1972: 97). Thug Liam Ó Maoilíosa cuairt ar Mhaigh Cuilinn go luath sa bhliain 1916 áit ar cuireadh fáilte fhial roimhe (Bairéad 1972: 98). In ainneoin líon na nÓglach a bhí ag paráid Lá Fhéile Pádraig na bliana 1916, ba léir don Bhairéadach na laigí a bhain leis an ngluaiseacht agus iad ag ullmhú d’éirí amach (Bairéad 1972: 100).

Ina ainneoin sin, bhí siad réidh chun troda. Nuair a cuireadh ar ceal an t-éirí amach ba scéal “aisteach, iontach, do-chreidte” a bhí ann dóibh (Bairéad 1972: 107). Tugann an Bairéadach a bhreith féin ar an éirí amach san alt seo a leanas:

An tráth a raibh an tír báite i ngalldachas, agus na mílte Éireannach ag troid do naimhde na tíre sin thug doscán Éireannach ar bheagán arm, agus traenála, agus lucht leanúna, dúshlán an airm ghallda agus dúshlán cúpla milliún Éireannach ina theannta sin. Chuireadar rompu fuascailt a thabhairt ar phobal a raibh an fonn saoirse caite suas acu, agus nár shantaigh fuascailt. Níor mhór a saoradh dá mbuíochas, nó geall leis! . . . Níor mhór saoirse a bhrú orthu! (Bairéad 1972: 111)

Faoi 1917 bhí sé ag obair do pháipéar Shinn Féin, an *Galway Express*, agus d’fhan sé leo go dtí an bhliain 1920 nuair a scrios na píléirí é. (Breathnach 1993: 102). Is cosúil go ndearna an Bairéadach cinneadh dul le hiriseoireacht agus é i bpríosún sa bhliain 1910. Cheap sé go raibh leabharlann mhaith sa phríosún agus is amhlaidh gur ann a spreagadh é chun dul leis an ngairm sin (Nic Mhathúna 2006). I bpíosa a scríobh sé i mBéarla, “Galway Jail Revisited”, sa bhliain 1940 don *Irish Independent*, rinne sé cur síos ar an tréimhse a chaith sé i bpríosún na Gaillimhe. Is léir gur bhunaigh sé an gearrscéal “Costas an Ghiorria” (Bairéad 1936: 103–115) ar an am a chaith sé i ngéibheann freisin. Bhí sé seo le rá aige faoi leabharlann an phríosúin:

The library room where the late Monsignor Considine used to hear Confessions now resembles an empty cell. It differed from most other rooms accessible to prisoners because it had a fire. I never got from it anything more seditious than the life of Daniel O’Connell, except a translation from the Irish of that fierce piece composed by the sister of Father Nicholas Sheehy after that priest’s execution in Clonmel in 1766. (Bairéad 1940)

Scríobh an Bairéadach aiste faoi dhúnmharú an Athar Ó Síthigh sa *Clare Champion* blianta ina dhiaidh sin. Tamall tar éis dó teacht amach as an bpríosún cheannaigh sé leabhar luathscríbhneoireachta a d’fhoilsigh an comhlacht Sloan-Duployan agus d’fhoghlaim sé scil na luathscríbhneoireachta é féin. Léadh col ceathar leis píosaí os ard dó chun a luas a thástáil agus an Bairéadach ag fógairt air dul níos sciobtha i gcaitheamh an ama (Nic Mhathúna 2006). Déanann an leabhar cur síos in áit faoi leith do luathscríbhinn do thuairisceoirí nuachta. Bhí an scil chéanna an-usáideach dó chun ainmneacha na bhfear a bhí á gcur

faoi mhóid agus cuntais eile a choinneáil faoi rún i nGaeilge (Bairéad 1972: 97). Ba chontúirteach an post a bhí aige leis an *Express* agus an ghráin a bhí ag na píleírí ar an bpáipéar agus gach ar bhain leis (Bairéad 1972: 48). Ba mhór an meas a bhí ag an mBairéadach ar eagarthóir an pháipéir, Tomás Mac Niocais. Bhí sé lách, cineálta leis agus is uaidh a d’fhoghlaim sé ceird na hiriseoireachta. (Bairéad 1972: 146). Dar leis an mBairéadach ní raibh sárú an *Galway Express* le fáil ag an am ná ó shin as an méid Gaeilge a bhí le fáil ann (Bairéad 1972: 146). Is é an cineál ábhair a bhí sa pháipéar ná “Nótaí” Chonradh na Gaeilge, seanamhráin, paidreacha agus drámaí. Scríobh Padraic Ó Conaire aistí don *Galway Express* ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair na bliana 1920 agus ba é an Bairéadach a léigh a chuid lámhscríbhinní (Bairéad 1972: 146). In aiste leis, “Bimis i ndá ríre” (Ó Conaire 120: 4) bhí Ó Conaire ag tathaint ar scríbhneoirí ábhar léitheoireachta Gaeilge a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí mar dá n-imeodh an teanga go mbeadh “deireadh go deó le sean-náisiúntacht na nGael”. Gan amhras bhí tionchar ag Ó Conaire ar Thomás Bairéad, mar náisiúnaí, agus b’fhéidir, freisin, mar scríbhneoir. D’aithnigh sé gur “duine ar leith” a bhí in Ó Conaire nuair a chonaic sé é don chéad uair i 1918 agus é ag caint le Sinn Féin i gCois Ferraige (Bairéad 1972: 221). Is í an obair chéanna a bhí ar bun ag an mbeirt acu sa *Galway Express* agus iad ag iarraidh an réabhlóid chultúrtha a bhí lárnach d’fhealsúnacht Uí Chonaire (Denvir 1997: 73) a chur ar bun. Deir Niall Ó Murchadha faoin am ar thosaigh Cogadh na Saoirse i gceart gur mar nuachtóir ba mhó a chuidigh an Bairéadach leis an ngluaiseacht ina dhiaidh sin (Ó Murchadha 1989: 21).

Is sa bhliain 1920 agus é ag obair leis an *Express* a chuaigh Tomás Bairéad agus deichniúr eile siar as Maigh Cuilinn chomh

fada leis an nGort Mór i Ros Muc chun an bheairic a bhaint de na píleírí, rud nár éirigh leo a dhéanamh sa deireadh thiar nuair a chuaigh rudaí ina n-aghaidh. Luann sé in *Gan Baisteadh* gur ar éigean a bhí sé in ann fanacht ina dhúiseacht in oifig an *Express* an lá dár gcionn ceal codlata (Bairéad 1972: 13).

Tar éis deireadh a theacht leis an *Galway Express* chuaigh sé ag obair leis an *Curadh Connachtach* (Breathnach 1993: 102). Scríobh sé léirmheas ar leabhar amháin, *Duanaire Gaedhilge* le Róis Ní Ógáin, don pháipéar i mí Dheireadh Fómhair na bliana 1921, a thaispeáin go raibh suim aige sa tseanfhilíocht go luath ina shaol. Bhí sé le rá aige sa léirmheas seo gur san fhilíocht “a nochtaítear na smaointe ia airde agus is uaisle sa teanga” agus is léir go raibh féith na filíochta ann féin ón riar beag dánta atá againn leis.

Sa bhliain 1922 d’fhág sé Gaillimh agus thug aghaidh ar chathair Bhaile Átha Cliath áit a raibh sé fostaithe ag an *Irish Independent*. Thastil sé ar fud na tíre mar thuairisceoir Béarla don pháipéar (Breathnach 1993: 102) cé gur scríobh sé roinnt aistí faoi chúrsaí tuaithe i nGaeilge freisin a bhfuil a ainm leo don pháipéar idir 1924 agus 1933. Foilsíodh ceann díobh, “Ag Lorg Súgh na hEornan”, mar an gearrscéal “Fíon a’ tSléibhe” in *Cruithneacht agus Ceannabháin* i 1940. Foilsíodh ábhar leis chomh maith sna hirísí *Comhar*, *Feasta* agus *Éire* ó 1942 go dtí 1952. In *Éire* sa bhliain 1942 bhí an gearrscéal “Súgh an tSeagail”, a foilsíodh in *Ór na h-Aitinne* níos deireanaí, agus an dara dán a cuireadh i gcló leis, “VII Romani”. (P GP2/135). I dtagairt don dán seo bhí sé le rá ag léirmheastóir faoin mBairéadach: “The same author shows both feeling and mastery of Gaelic verse modes in the poem ‘VII Romani’.” (GP2/135)

In *Comhar* sa bhliain 1944 bhí an gearrscéal “Bean na Gruaige Finne” a foilsíodh in *Ór na h-Aitinne* chomh maith mar “Péacóg

Chill Bhríde". As na sé ghearrscéal a cuireadh i gcló in *Feasta* idir 1949 agus 1951 foilsíodh cúig cinn díobh in *Dán* níos deireanaí agus foilsíodh ceann acu i gcolún nuachta an Bhairéadaigh sa *Clare Champion*.

Phós Tomás Bairéad Éibhlín Ní Mheara as an gCluain Ard i gContae na hIarmhí sa bhliain 1930 i Maiden Lane, Londain, agus sheas cara ón *Times* i Londain leis. Chuaigh siad chun cónaithe ansin i nGlas Naíon. Cailleadh a bhean sa bhliain 1946 go gairid roimh dó filleadh ar Mhaigh Cuilinn (Ní Mhathúna 2006). D'fhreastail sé ar Chomhdháil na gCiníocha Ceilteacha sa Bhreatain Bheag, in Albain agus ar Oileán Mhanainn agus é ag obair leis an *Independent*. Is é a rinne tuairisciú freisin ar olltoghchán Fhianna Fáil sa bhliain 1943 (P GP2/31). Ceapadh ina eagarthóir Gaeilge é ar an *Irish Independent* sa bhliain 1945 agus d'fhan sé sa phost sin go dtí 1948 nuair a d'fhág sé an páipéar.

Cé gur cinnte go bhfaigheadh an Bairéadach post san *Irish Press* nuair a bunaíodh é sa bhliain 1931, shocraigh sé fanacht leis an *Irish Independent*. Fear stuama a bhí ann a thuing saol na nuachtán agus a chonaic roinnt páipéar eile ag cliseadh roimhe sin (Bairéad 1972: 175). Tá sé spéisiúil an dearcadh a nochtann sé in *Gan Baisteadh* i dtaobh cúrsaí polaitíochta go ginearálta agus é ag déanamh cur síos ar na fáthanna a thug sé don eagarthóir, Proinsias Ó Gallchobhair, nach raibh sé chun cur isteach ar phost sa pháipéar nua:

Dúirt mé leis go mbíonn saol cruá ag páipéar laethúil i dtosach; go dtógfadh sé tamall maith air greim a fháil agus tosú ag íoc as féin; nach raibh fhios cén t-airgead a ídeodh sé; nár mhaith liom cúrsaí polaitíochta agus gurbh iad a gheobhadh tús áite sa pháipéar nua. Níor inis mé dó nár thaitin aon mháistir liom ná gur le Gaeilge a chaithfinn an chuid eile de mo shaol (Bairéad 1972: 175)

Tá sé suntasach freisin an dearcadh a nochtann sé i dtaobh Chogadh na gCarad sa sliocht céanna: “Ní raibh aon bhaint agam le Cogadh na gCarad buíochas le Dia, agus ní fhéadfainn suim a chur i gcúrsaí polaitíochta.” (Bairéad 1972: 176) Is cosúil go mb’ábhar léin dó gur thit Cogadh na gCarad amach. In áit eile ina dhírbeathaisnéis, is mar “Chogadh brónach na gCarad” a dhéanann sé cur síos air (Bairéad 1972: 125).

Is léir gurbh é a mhian ó thart ar 1931 a shaol a chaitheamh ag saothrú na Gaeilge agus go raibh tús curtha aige lena shaothar liteartha. Cuireadh seanrannta agus seanfhocail a chuir sé chuig *An Stoc* i gcló i 1927 agus 1928, ach níos suntasaí fós ó thaobh a shaothair chruthaithigh de ná an t-amhrán nó an dán fada leis “Tuireadh Eachdhroma” a foilsíodh in *An Stoc* sa bhliain 1928. Ghnóthaigh an píosa seo an chéad duais dó ag Feis Chonnacht na bliana 1927 (Bairéad 1928). Mheas an tOllamh Tomás Ó Máille, eagarthóir *An Stoc* go raibh an t-amhrán “go rímhaith” cé nárbh ardmholadh ar fad a thug sé dá chéad iarracht mar ghearrscéaláí, ámh (Bairéad 1972: 215).

Thuig an Bairéadach níos deireanaí gur chun a leasa a chuir an Máilleach an chomhairle sin air agus go raibh sé faoi chomaoin aige (Bairéad 1972: 215). Léirigh an píosa a scríobh sé ar ócáid bhás an Mháilligh sa bhliain 1938 an t-armheas a bhí aige air (Bairéad 1972: 218).

Bhí tuiscint mhaith aige go mba Ghaeilgeoir agus scoláire den scoth a bhí sa Mháilleach agus go mba mhór é a chaillteanas. Chaoin sé an saibhreas Gaeilge a bhí imithe faoin bhfód leis mar a rinne sé go minic cheana agus seanfhondúirí a raibh aithne aige orthu le linn a óige ag fáil bháis. Ba dhuine díobh é an Seoigeach as Conamara ar a dtugtaí “An Spailpín”. Bhí na “scórtha amhrán” aige agus leaganacha cainte inar chuir an Bairéadach óg suim

(Bairéad 1972: 23). Is léir go raibh sé faoi gheasa ag an teanga agus é ina ógánach. Déanann sé tagairt in *Gan Baisteadh* do cé chomh “tráthúil, dea-labhartha” is a bhí beirt as an áit, Tadhg agus Dónal, a bhíodh ag imirt chártaí agus é ina ógánach (Bairéad 1972 45,46). Chuir sé suntas freisin ar an gcaoi a raibh Seán a’ Búrc in ann rann a chumadh ar an toirt agus teach trí lasadh sa cheantar (Bairéad 1972: 46). Bhí an fhilíocht i gcaint na ndaoine. Bhí sé le rá aige blianta ina dhiaidh nuair ba léir an t-athrú saoil agus an t-athrú a bhí tagtha ar an teanga go raibh “an fonn rannaíochta caillte” (Bairéad 1972: 46). Bhí tóir aige ar an nGaeilge ghlan shaibhir agus is í a labhair agus a scríobh sé (Breathnach 1993: 106). Tá *Gan Baisteadh* breac le nathanna cainte a chuala sé agus a chuir sé de ghlanmheabhair. Ach is ina chuid gearrscéalta agus ina chuid aistí is mó a fheictear an saibhreas Gaeilge a bhí ag an mBairéadach féin.

Is scríbhneoir Gaeltachta é Tomás Bairéad. Rugadh agus tógadh é i Maigh Cuilinn a bhí ina cheantar fíorláidir Gaeilge tráth. Ag deireadh an naoú haois déag ámh, mar a léiríonn Caitríona Ó Torna ina leabhar *Cruthú na Gaeltachta 1893–1922*, is é an meon a bhí ag go leor cainteoirí dúchais Gaeilge, agus go deimhin muintir na tíre fré chéile, ná go raibh nasc láidir idir an Béarla agus an dul chun cinn ar thaobh amháin agus idir an Ghaeilge agus an bochtanas ar an taobh eile (Ó Torna 2005: 56). Mar gheall gur samhlaíodh an Ghaeilge leis an mbochtanas ó aimsir an Ghorta Mhóir ar aghaidh, bhí an claonadh ann nár seachadadh í don chéad ghlúin eile faoi dheireadh an naoú haois déag (Ó Torna 2005: 45,46). Léiríonn daonáireamh na bliana 1926 nach raibh ach 24% de ghasúir idir a trí agus ceithre bliana d’aois i gceantar Mhaigh Cuilinn in ann Gaeilge a labhairt cé go raibh Gaeilge ag 49% san aoisghrúpa idir a cúig agus naoi mbliana,

85% idir a deich agus ceithre bliana déag agus 83% san aoisghrúpa idir fiche agus fiche naoi bliain d’aois (O’Neill 1996: 662). Ní go dtí tar éis thart ar 1930 a bunaíodh inniúlacht teanga ar thorthaí scrúduithe sna scoileanna (O’Neill 1996: 652). Mar sin is cosúil go raibh aisiompú teanga sa cheantar ó thús an fichiú haois agus go raibh an dearcadh coitianta i leith thábhacht an Bhéarla le fáil i Maigh Cuilinn. Ní mór a chur san áireamh nuair a bhí an Bairéadach ag freastal ar scoil Mhaigh Cuilinn ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois, nár ceadáíodh an Ghaeilge sna scoileanna agus gur beag an spreagadh a bhí ansin do thuismitheoirí an Ghaeilge a labhairt lena gclann. In ainneoin an bhaic seo, ámh, bhí an-Ghaeilge agus meas ar an nGaeilge ag múinteoir a bhí ag Tomás Bairéad, Micheál Ó Ciaragáin, agus labhair sé i nGaeilge leis na gasúir a raibh Gaeilge ag a muintir (Bairéad 1972: 29). Bhí Gaeilge ag máthair agus athair an Bhairéadaigh agus bhí idir Ghaeilge agus Bhéarla aige féin ón mbaile (Nic Mhathúna 2006) cé gur luaigh sé gur le Béarla a tógadh é go luath ina shaol (Breathnach, 1993: 106). Ar chuma ar bith thug sé an dá theanga leis go paiteanta mar is léir óna shaothar. Deir sé féin gur cailleadh an Gaeilgeoir deireanach gan Béarla i Maigh Cuilinn thart ar 1930 (Bairéad 1972: 70). Cé go raibh meath ag teacht ar an teanga luann an Bairéadach go raibh Gaeilge mhaith ag an Athair Mac Gabhráin a bhí i Maigh Cuilinn le linn a óige, rud nár mhór dó mar bhí go leor gan Béarla ann an uair sin (Bairéad 1972: 36). Is í an Ghaeilge a bhí ag na fir óga ar fad a bhí ag rith le club na Harriers freisin, a bunaíodh roimh an gCéad Chogadh Mór agus ní raibh mórán Béarla ag cuid acu, dar leis an mBairéadach (Bairéad 1972: 42). Is léir gur chuir sé suim sa saibhreas teanga a bhí thart timpeall air ina óige agus is ar an nGaeilge shaibhir a bhí tóir aige.

Bhí sé chomh pointeáilte céanna faoin mBéarla is a bhí sé faoin nGaeilge agus é ina iriseoir. Ba ghnáth leis píosaí a ghearradh amach as an *Times* chun cleachtadh a fháil ar Bhéarla a bhí cruinn, agus cheap sé gur teanga í a bhí sách casta lena foghlaim i gceart (Nic Mhathúna 2006). Bhí na mórscribhneoirí Béarla ar fad léite aige, ina measc Shakespeare agus Dickens, agus thaitin Turgenev agus Dostoievski leis chomh maith. Ceann de na leabhair ab ansa leis i mBéarla ná *Walden* le Henry David Thoreau, áit a ndéantar cur síos ar shaol an údair agus é ag maireachtáil ina aonar sna coillte thar thréimhse dhá bhliain. Tá macallaí sa leabhar sin den saol a chaithfeadh an Bairéadach féin i gCill Ráighnigh ar fhilleadh dó ar a dhúchas.

Is é an dán “Cill Á’ Ráighne”, a chum Tomás Breathnach as Maigh Cuilinn, a spreag Tomás Bairéad le suíomh a cheannacht i gCill Ráighnigh agus a theach a thógáil ann ar fhilleadh dó ar Mhaigh Cuilinn sa bhliain 1948. Is cosúil gur thaitin an dán, a foilsíodh in *Ar Aghaidh* i mí Nollag na bliana 1940, go mór leis (Nic Mhathúna 2006). Cuimsíonn an sliocht seo as *Gan Baisteadh* dearcadh an Bhairéadaigh faoi Bhaile Átha Cliath agus bailte go ginearálta:

Sular chodaíl mé oíche i mBaile Átha Cliath riamh chuir mé romham sa traein ag dul ann dom imeacht as chomh luath is a bheadh cuid den saol feicthe agam. Cad chuige? Níor thaitin údarás ná ceannas ar bith liom. Agus

*B’aite liomsa léim an phoic,
Nó léim an bhroic idir dhá ghleann.*

Nó amhastraíl an tsionnaigh, nó fead an mhada uisce ar theacht na hoíche, ná bailte móra na cruinne. (Bairéad 1972: 245)

Ní raibh a chroí i mBaile Átha Cliath agus admhaíonn sé go mbuaileadh an t-uaigneas é corruair (Bairéad 1972: 245) agus gur “D’óbair nár ghabh drochmhisneach cúpla babhta” ann é (Bairéad 1972: 24). Ach bhí cairde maithe aige ann a thagadh ar cuairt chuige féin agus a bhean, agus ina measc bhí Máirtín Ó Cadhain, Máirtín Ó Direáin agus Tomás de Bháldraithe. Thagadh Máire Ní Rodaigh ar cuairt freisin agus an Cadhnach i bpríosún (Nic Mhathúna 2006). Is léir ó chomhfhreagras an Chadhnaigh leis an mBairéadach idir na blianta 1939 agus 1952 go raibh cairdeas pearsanta agus proifisiúnta idir an bheirt fhear (P GP2/45-61). D’aithnigh an Cadhnach an saibhreas Gaeilge a bhí ag an mBairéadach (Ó Cadhain 1973: 11) agus d’aithnigh seisean go ndéanfadh an Cadhnach “áibhéal lena pheann” lá éigin (Ó Cadhain 1973: 13), cé gur mhol sé dó a chuid cumadóireachta a shimplú! (Ó Cadhain 1973: 15).

Cé go mb’ fhada leis an mBairéadach a bheith imithe as an gcathair, is suntasach gur i rith na tréimhse a bhí sé i mBaile Átha Cliath a foilsíodh an chéad trí chnuasach gearrscéalta leis: *Cumhacht na Cinniúna* i 1936, *An Geall a Briseadh* i 1938 agus *Cruithneacht agus Ceannabháin* i 1940. Foilsíodh *Ór na h-Aitinne* sa bhliain 1949. D’imigh scór bliain sular foilsíodh aon mhórshaothar eile uaidh. Ach níor lig sé na maidí le sruth, agus ó mhí na Samhna 1953 go dtí Meán Fómhair 1959, bhí alt seachtainiúil i nGaeilge leis sa *Clare Champion*, dar teideal “An Rud is Annamh is Iontach”, agus foilsíodh dráma aon ghnímh leis in *Ar Aghaidh* i mí Iúil na bliana 1955. Chaith sé cúpla bliain ag scríobh *Gan Baisteadh*, a foilsíodh sa bhliain 1972. Is i mbliain a bháis a foilsíodh *Dán*, an cnuasach deireanach gearrscéalta uaidh, agus is tar éis a bháis i 1973 a foilsíodh *As an nGéibheann*, bailiúchán de na litreacha a chuir Máirtín Ó Cadhain chuige as an bpríosún,

agus a raibh sé le rá ag Seán Ó Ríordáin faoi: “Is ar éigin a fhéadfaí comaoin (a mhó a chur ar litríocht na Gaeilge nó go deimhin ar Éirinn.” (Ó Ríordáin 1973, P GP2/143)

Thuill Tomás Bairéad meas agus gradam dá shaothar, agus i measc na nduaiseanna a bronnadh air tá an Irish Academy of Letters, Gradam Uí Ghramhnaí ar *Chumhacht na Cinniúna* sa bhliain 1937, Duais an Chraoibhín ar *An Geall a Briseadh* sa bhliain 1938, duais ó Aonach Tailteann don ghearrscéal “An Stíléara” sa bhliain 1931, duais Fheis Chonnacht ar an dán fada “Tuireamh Eachdhroma” sa bhliain 1927 agus roinnt duaiseanna Oireachtais, Duais an Mhaolánaigh ina measc a bronnadh air sa bhliain 1951 don ghearrscéal “An Strainséara”.

Ba dhuine é Tomás Bairéad i measc na mílte eile a d’fhág an tuath go luath ina shaol chun slí mhaireachtála a fháil sa chathair i rith an chéid seo caite, agus mar a dúirt sé in *Gan Baisteadh*: “ba fhurasta dul ann ná imeacht as” (Bairéad 1972: 246). D’éirigh leis féin imeacht as, ámh, agus ní raibh lá aiféala air go ndearna sé an cinneadh sin (Bairéad 1972: 246). Tugann sé seo léargas dúinn ar dhá thíolacadh a bhain lena phearsantacht: diongbháilteacht agus neamhspleáchas intinne. Bhí faobhar an tseansaighdiúra ann, dar lena iníon Treasa Mhic Mhathúna (Nic Mhathúna 2006), agus cé nár dhuine é a sheachain comhluadar, bhí cuid den aonaránacht ag baint lena phearsantacht. B’fhéidir go mba sheanghonta a bhí ag dul siar i bhfad ba chionsiocair leis an aistíl seo, dar léi.

Bhí aithne ag an scríbhneoir Pádraic Breathnach ar Thomás Bairéad. Dar leis bhí sé cneasta, tostach, cúthail ach in ainneoin na cúthaile go mba “duine an-mhuiníneach” as féin é, “duine sásta, duine neamhspleách” (Breathnach 1993: 106). Tá cur síos fileata ag an mBreathnach ar an údar tar éis dó filleadh, ina aonar, ar Chill Ráighnigh mar seo a leanas: “Shiúil sé réigiún a dhúiche,

i bpáirt lena créatúir, i bpáirt leis an ngrian, i bpáirt leis an anfa, i bpáirt le lúb is le cruth an chnoic, i bpáirt lena dhaoine. Oiread, móran, agus is féidir leis an anam daonna a bheith i bpáirt.” (Breathnach 1993: 104)

Is guth tábhachtach é guth Thomáis Bairéad i nualitríocht na Gaeilge. Ba é a chinniúint gur rugadh é ar an tairseach idir an seansaol traidisiúnta Gaelach agus an saol nua-aimseartha. Sílim gur éirigh leis mar scríbhneoir an dá shaol sin a thabhairt le chéile ina shaothar liteartha. Ní scríbhneoir é a bhí maoithneach faoi mheath an tseansaoil cé gur thuig sé an cailteanas a bheadh i gceist don chultúr Gaelach sa chlaochlú. Is cur síos atá ina shaothar ar an saol mar a chonaic sé féin é. Tá ionracas ag baint leis an gcur síos sin agus níl amhras ach go raibh sé dílis don tuiscint a bhí aige ar an saol ina thimpeall. B’fhéidir go raibh baint ag a thaithí mar iriseoir leis an gcaoi ar thochail sé don fhírinne agus go raibh sé in ann cur síos a dhéanamh ar an saol, idir mhaith agus olc, gan fuacht gan faitíos. Táimid faoi chomaoin aige go ndearna sé sin mar go bhfaigheann muid tuiscint níos fearr orainn féin mar dhaoine.

Mar réabhlóidí cultúrtha, d’úsáid sé a thalann mar iriseoir chun an náisiúntacht chultúrtha a chur chun cinn, leis an *Galway Express* agus é ina ógfhear, agus ina cholún seachtainiúil leis an *Clare Champion* sna caogaidí, áit a ndearna sé iarracht mórtas cine a athmhúscailt san Éireannach, go háirithe an óige, trí léas a thabhairt dóibh ar a sibhialtacht luachmhar. Is léir gur fhan sé dílis d’fhís Chonradh na Gaeilge go dtí deireadh a shaoil. Ar bhealach d’fhéadfaí breathnú ar Thomás Bairéad mar “urlabhraí” dá phobal féin, mar “ghuth ón imeall”, rud ar a ndéanann Máirín Nic Eoin cur síos agus í ag tagairt don “díláithriú cultúir” a bhí “mar bhunstiúir faoin litríocht nua-aoiseach sa Ghaeilge” (Nic

Eoin, 2005: 45). Mar a dúirt an Bairéadach in *Gan Baisteadh* agus é ag déanamh cur síos ar ghaolta leis a fuair bás leis an bhfiabhras: “Ní mórán cainte a bhíonn i stair aon tíre ar a leithéidí.” (Bairéad 1972: 226)

Thug sé guth dá phobal ina shaothar, agus léirítear a gcuid suáilcí agus duáilcí, a gcuid bróin agus a ngliondar – daoine daonna ag caitheamh an tsaol. Ach is le scil agus ceardúlacht an ealaíontóra a rinne sé an t-ábhar a mhúnlú ina shaothar idir chruthaitheach agus dioscúrsúil, agus sa deireadh thiar sin é an fáth go bhfuil guth Thomáis Bairéad chomh tábhachtach mar scríbhneoir. Is ábhar iontais é nach bhfuil aitheantas ceart faighte ag an mBairéadach mar dhuine de na gearrscéalaithe is ábalta agus is ealaíonta atá againn i nualitríocht na Gaeilge. Is meascán é a shaothar den sean agus den nua agus mar sin cruthaíonn sé sin deacracht má dhéantar iarracht a shaothar a rangú go cúng. Mar a deir Alan Titley: “. . . is í an fhírinne nach bhfuil aon tslí cheart amháin ann chun rud ar bith a scríobh, nach bhfuil aon fhoirm fhoirfe idéalach ann . . .” (Titley 1996: 118)

Scríobh an Bairéadach óna croí ag úsáid a shaibhreas teanga ar an mbealach a d’fheil dó féin, agus is guth sainiúil é an guth sin. Tá sé in am anois cnuasach dá chuid scothscéalta a chur ar fáil do ghlúin nua Gaeilgeoirí nár chuala trácht riamh air agus nach bhfuair deis fós blaiseadh de chuid de na gearrscéalta is áille i nualitríocht na Gaeilge.

Aingéal Ní Chualáin
Samhain 2010

Tagairtí

Foinsí Neamhfhoilsithe

- Agallamh le Treasa Mhic Mhathúna, 27 Meitheamh 2006.
- Ní Chualáin, Aingeal. 2006. *Cumhacht na Cinniúna: Tomás Bairéad 1893–1973*. Tráchtas MA, Scoil na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Páipéir Thomáis Bairéad, Leabharlann Chontae na Gaillimhe. “Réamhrá, Nóta Dírbheathaisnéise.” 2005.
- Páipéir Thomáis Bairéad, Leabharlann Chontae na Gaillimhe. “Friends and Acquaintances: Máirtín Ó Cadhain: 1939–1971”: GP2/45–61. 2005.
- Páipéir Thomáis Bairéad, Leabharlann Chontae na Gaillimhe. “Friends and Acquaintances: Colm Ó Gaora: 1938–1945”: GP2/64–70. 2005.
- Páipéir Thomáis Bairéad, Leabharlann Chontae na Gaillimhe. “Journalistic Career: 1935–1944”: GP2/31. 2005.
- Páipéir Thomáis Bairéad, Leabharlann Chontae na Gaillimhe. “Reviews and Articles”: 27/1/42: GP2/135. 2005.

Leabhair agus Ailt

- Bairéad, Tomás. 1928. “Tuireadh Eachdhroma”, *An Stoc 3*.
- Bairéad, Tomás. 1936. *Cumhacht na Cinniúna*. An Gúm, Baile Átha Cliath.
- Bairéad, Tomás. 1940. “Galway Jail Revisited”, *The Irish Independent*, 8 Meitheamh.
- Bairéad, Tomás. 1972. *Gan Baisteadh*. Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath.
- Breathnach, Pádraic. 1993. “Tomás Bairéad (1903–1973)”, Treasa Mhic Mhathúna (eag.), *Craobh Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge: Na Blianta Tosaigh*. Clódóirí Lurgan. Indreabhán, 99–106.
- Denvir, Gearóid. 1997. “Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne”, Gearóid Denvir, *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*. Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, 61–76.
- Nic Eoin, Máirín. 2005. *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. Cois Life, Baile Átha Cliath.
- Ó Cadhain, Máirtín. 1973. *As an nGéibheann: Litreacha chuig Tomas Bairéad*. Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath.
- Ó Conaire, Pádraic. 1920. “Bimis i ndá ríre”, *The Galway Express*, 21 Lúnasa.
- Ó Gaora, Colm. 1943. *Mise*. An Gúm, Baile Átha Cliath.
- Ó Murchadha, Niall. 1991. “Gearrscéaláíocht Thomáis Bairéad”, *Irisleabhar Mhaigh Nuad*, 162–189.
- O’Neill, T. P. 1996. “Minor Famines and Relief in County Galway 1815–1925”, Gerard Moran (ed.), *Galway History and Society: Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*. Geography Publications, Dublin, 445–85.
- Ó Ríordáin, Seán. “Campa Géibhinn.” *The Irish Times*, 20 Deireadh Fómhair.
- Ó Tórna, Caitriona. 2005. *Cruthú na Gaeltachta 1893–1922*. Cois Life, Baile Átha Cliath.
- Titely, Alan. 1996. “Máirtín Ó Cadhain agus Foirm an Ghearrscéil”, Alan Titely, *Chun Doirne: Rogha Aistí*. Lagan Press, Belfast, 117–27.

Sú an tSeagail

An té a bhíos dá dhó b'fhearr leis a bheith dá bhá, agus an té a bhíos dá bhá b'fhearr leis a bheith dá dhó.

Is minic aiféala orm nár scríobh mé síos lena linn fhéin cuid de na seanscéalta a bhí ag Tom Aindriú as an mbaile s'againne, go ndéana Dia grásta air. Thall i Meiriceá, áit ar chaith sé na blianta fada, a fuair Tom formhór na scéal seo, agus b'iontas le cuid againn a fheabhas agus a d'éirigh leis ann agus a laghad Béarla a bhí aige, cé gur thuig sé maith go leor é. Bhí scéal amháin aige nár lig mé i ndearmad ariamh agus scríobhfaidh mé anois é mar a d'insíodh sé fhéin é, chomh maith agus is cuimhneach liom, gan cur leis ná baint de:

Mise an duine ab óige de dháréag agus is mé an duine is deireanaí a d'imigh freisin. Ní raibh de bhrí ionam nuair a d'imigh Antoine, an duine ba shine againn, go bhféadfainn a rá go bhfaca mé ariamh é, agus níorbh fhada thall i mBoston mé gur thug sé cuireadh dhom a ghabháil ar cuairt chuige go San Francisco, áit a raibh post maith aige agus é pósta agus eile. Bhí fonn an domhain air súil a leagaint orm agus mé amhlaidh leis, ach níor mhaith liom an t-aistear fada úd a ionsaí go mbeadh póca buille teann agam agus deis agam scíth bhreá fhada a ligint, óir dheamhan an ghrian a scairt orm ar feadh dhá bhliain ann.

Tuairim is ceithre bliana thall mé nuair a chuir mé romham a ghabháil go San Francisco. Cé gur mór an rud le rá é, níor chuimhneach leis an té ba shine aon tsamhradh ariamh mar é le grian agus tiormach. Bhí na daoine, agus na caiple fhéin, ag fáil bháis leis an teas ar na sráideanna chuile lá. Agus ag gabháil faoi don ghréin fhéin chuirfeadh sé teanga an fhia dhuibh amach. Ní raibh san uair ba teocha a bhí sa tír seo ariamh ach lár an gheimhridh lena hais. Ghabh coicís amháin thart agus níor chaith mé an oiread beatha agus a d'íosfadh an gealbhan, ach ag ól i gcónaí.

Níorbh fhada i mo shuí istigh sa traein mé nuair a tháinig faitíos orm nach bhfeicfinn ceann scríbe go deo. Thosaigh an t-allas ag titim anuas díom ina shruthláin agus shíl mé gur tháinig cineál lagair orm. Buille gréine, dúirt mé i m'intinn fhéin. Shílfeá nach raibh blas istigh sa traein nach raibh an teas ag éirí dhe. Bhí sé ag teacht isteach trí cheann an charráiste mar a bheadh sé ag scaladh trí bhréidín an dhamháin alla. Cé go raibh na *fans* ar siúl chuile áit ann ní raibh de mhaitheas iontu ach an oiread is a bheadh i sciatháin an phriompalláin. Fosclaíodh chuile fhuinneog a bhí ann ach ba é an cás céanna é. Agus níor mhóide an chompóirt agus níor lúide an teas an méid daoine a bhí istigh ann agus iad ag imeacht ó na bailte móra ar thóir fionnuarais amuigh faoin tír agus thart leis an bhfarraige.

Cé a shuífeadh anonn díreach ar m'aghaidh ach feairín dubh, buí agus deirimse libh nach ar chúl an dorais a bhí an buachaill sin aimsir roinnte na srón. Dath an daoil a bhí ar a chuid éadaigh ó smig go sáil agus an créatúr bocht ag breathnú chomh brónach is dá mbeadh sé ag déanamh comharsanacht le súil ribe an chrochadóra. Go deimhin b'fhada isteach ann grá mná óige. Níor chuir sé chugam ná uaim agus bhí mé amhlaidh leis, ach é mar a bheadh sé ag smaoinreamh agus ag síorsmaoinreamh.

Ar éigean an bricfeasta ite againn an darna lá nuair a stop an traein ag baile mór eicint. Ghabh roinnt daoine amach ansin agus tháinig roinnt eile isteach. Orthu seo a tháinig isteach bhí seisear d’fheara móra oscartha. Ní dhéarfainn nach lucht capall de chineál eicint a bhí iontu mar bhí srianta agus diallaiteacha agus lascanna is eile acu. Gotha na tuaithe a bhí orthu agus facthas dom go raibh cosúlacht an ragairne orthu freisin.

Is gearr gur léir dom nach tirim a bhí siad leis an gcaint a bhí acu, agus ní móide gur ina gcodladh a chaith siad an oíche roimhe sin. Is cosúil gur thug daoine eile faoi deara freisin é, óir i gceann cúpla meandar bhí an carráiste fágtha faoi mo dhuine is mé fhéin is an seisear acu.

Tharraing duine amháin acu buidéal aníos as a phóca – railliúnach a bhí ar airde is ar leithead Sheáin Mhóir na Coille – agus sheachad chugam fhéin é. A dhuine mo chroí thú, cé nach ndearna mé ach blaiseadh dhe shíl mé go raibh mo chuid stéigeacha thrí lasadh istigh ionam. Bhí na “féins” a bhíodh ag Nell na gCrompán fadó, tráth a mbíodh sí ag sceidínteacht, ina leamhnacht lena hais. Ach bheadh leisc ort aon duine acu a eiteachtáil dá mbeadh a fhios agat go gcuirfeadh sé ar an tsíoraíocht thú, mar gheall ar an gcuma a bhí orthu.

Sheachad sé chuig mo dhuine freisin é ach lig seisean air fhéin go raibh tinneas nó rud eicint air is níor bhlais sé de beag ná mór.

Duine ní raibh orthu nár tharraing a bhuidéal fhéin amach ansin is lig slog beag siar. Ach bheadh a fhios agat nár mhó ná blasta leo é leis na grainceanna a bhí sé a chur orthu. Dá mhéid a ndúil ann bhí sé ag cinnt orthu é a ól is chuir siad fios ar uisce. Níor thosaigh an rírá dáiríre go dtáinig an t-uisce is b’fhaitíos liom go mbeadh sé ina raic.

“An gceapann tú gur faoi chearc a ligeadh amach muid? Ar

uisce le n-ól a chuir mise fios is ní ar uisce bog le mé fhéin a bhearradh,” a deir an fear mór leis an bhfear freastail – staicín dubh, buí a bhí deamhanta cosúil le mo dhuine ach amháin gur théagarthaí é.

“A mhalairt níl agam,” a deir an fear freastail is é ar creathadh beagnach.

“Éirigh as an magadh, óir má cheapann tú nach bhfuil ionainn ach paca pleidhcí, is mór an dul amú atá ort,” arsa an fear mór.

“Sin é a bhfuil ann. An teas is ciontach leis ar fad. Níl aon neart agam air.”

“Éirigh as, a deirim leat, is tabhair chugainn lán an tsoithigh d’uisce breá fuar is sé cinn de ghloineacha móra.”

“Is í an fhírinne atá mé a dhéanamh.”

“Más ea tabhair leac oighre go beo chugainn.”

“Méid dubh t’iongan de leic oighre níl fágtha.”

“Ní chreidim thú. An in é an chaoi a gcaitheann sibh leis an bpobal atá do do choinneálsa is do leithéid beo?”

“Dá choinneáil do na huaisle atá sé,” a dúirt fear eile.

“Tá sé i bhfolach in áit eicínt agat, is mura dtuga tú dúinn é gheobhaimid do do bhuíochas é nó déanfaimid cipíní den traein agus a bhfuil ann,” a deir an tríú fear.

“A dhath fhéin níl agam,” a dúirt an fear freastail.

“Lig de do chuid leithscéal is beir chugainn cnap de leic oighre go beo,” a deir fear eile.

“Ní fhéadfainn dá naomhtaí mé,” a deir an fear freastail.

“Ná raibh sé agat in áit i bhfad níos teocha ná an áit seo is nuair is mó a theastós sé uait,” arsa duine eile leis.

“Tá faitíos orm go gcaithfidh sibh fanacht go mbuailfidh sibh an chéad stáisiún eile,” a dúirt an fear freastail.

“Is céard a dhéanfas muid idir an dá linn? Bás a fháil leis an

tart, an ea? Ag an seabhac is a leasmháthair go raibh lucht traentacha na tíre seo.”

“Deargadh na tiaraí ort is ar chuile mhac máthar a bhfuil aon bhaint aige leis an traein mhallaithe seo,” a dúirt fear eile.

“Saol fata i mbéal muice dhóibh,” a deir duine eile.

“Díth amhairc is giorrachan saoil dhóibh,” arsa fear eile. Agus d’imigh an fear freastail leis chomh maith agus a bhí sé ina chosa.

Bhí a fhios agam go maith nach ag ligint orthu fhéin a bhí siad mar d’fháiscfeadh an nimh úd a bhí acu tart ar Loch Coirib. Mheas mé, freisin, nach móide go raibh siad ina chleachtadh, is nuair a bhuail an traein an chéad stáisiún eile bhí siad stiúctha dáiríre.

“Leac oighre! Leac oighre!” a dúirt an seisear acu as béal a chéile an nóiméad a stop an traein.

“Dollár ar chnap leice oighre.”

“Dollár go leith ar chnap leice oighre.”

“Dhá dollár ar chnap leice oighre.”

“Dhá dollár go leith ar chnap leice oighre.”

Ach aird níor tugadh orthu cé go raibh daoine ag díol chuile shórt ann.

Amach le beirt acu as an traein agus isteach leo i dteach an óil is an bhia ag tóraíocht leice oighre, ach ba súil gan fáil acu é. A leithéid d’eascainí níor cloiseadh ariamh taobh amuigh d’ifreann te na mallacht is a chuir na buachaillí báire úd astu fhéin le teann míshástachta is diomú.

“Cén mhaith dhuit do chuid airgid anois, a chaptaein?” a deir duine acu leis an bhfear mór.

“Bhéarfainn cúig dollár anois ar fhuarú mo bhéil de leic oighre,” arsa an fear mór.

“Bhéarfainnse sé cinn,” a deir an darna fear.